

Oibritheoir Déantúsaíochta - Tá muid ag earcú do phoist iolracha

Bí páirteach i gcuideachta nuálach agus forásach san Iarthar!

Bí páirteach i gcuideachta nuálach agus forásach san Iarthar!

Cuideachta nuálach deartha, déantúsaíochta agus tástála is ea ÉireComposites atá lonnaithe i gConamara agus ag plé le hábhair chomhchodacha éadroma, ardfheidhmíochta, shnáithín-threisithe, agus bonn ardchaighdeán custaiméirí idirnáisiúnta acu de bhreis agus 70 cuideachta sna hearnálacha aeraspáis, fuinnimh in-athnuaite agus uathghluaisneacha. Tá saoráidí creidiúnaithe aeraspáis déantúsaíochta agus tástála bunaithe ag ÉireComposites i nGaillimh, Éire, agus tá maoin intleachtúil shuntasach acu i ndéantúsaíocht agus in uirlisiú d'ábhair chomhchodacha. Níl obair ó chian ar fáil don phost seo.

Seol isteach d'fhormáid CV féin, mar go deimhin ní ghlactar le formáid CV réamhdhéanta. Is oth linn nach féidir linn freagra a thabhairt ar gach CV a fhaigheann muid; cuirfidh muid scéala chuig na hiarrthóirí a bhí ar an ngearrliosta agus nár éirigh leo ó agallaimh agus iad sin amháin. Tá ár sainchuntais poist go léir ar fáil go hiomlán i mBéarla agus i nGaeilge araon ar www.eirecomposites.com, agus ansin freisin gheobhaidh tú breis eolais faoinár ngnó.

Áirithe ar na freagrachtaí tá:

- Treoracha, próisis agus nósanna imeachta sonracha maidir le cóimeáil a leanacht chun páirteanna comhchodacha a chur le chéile mar is ceart
- Tuairisc a thabhairt don Maoirseoir Táirgthe faoi fhadhbanna le caighdeán, próisis, trealamh nó ábhair
- Gnáth-thascanna a chur i gcrích gan mórán maoirseachta
- Spás oibre glan agus eagraithe a choinneáil chun freastal ar fheidhmeanna táirgeachta.
- Oibriú i dtimpeallacht seomra íonghlan
- Dualgais eile de réir mar a shocróidh an Maoirseoir Táirgthe

Riachtanais:

- Ceadúnas Iomlán Tiomána
- Deaslámhacht den scoth, i.e. taithí ar shiúinéireacht/ceardaíocht/gruagaireacht.
- B'fhéarr go mbeadh taithí oibre ag an duine i dtimpeallacht déantúsaíochta foirne.
- Caithfear a bheith cruinn beacht le gach mionsonra.
- Caithfidh an té a roghnófar a bheith luaineach, agus a bheith in ann seasamh, lúbadh, síneadh, breith ar rudaí, cromadh síos agus siúl go minic
- Teastas Ardteiste nó a chomhionann.
- Dearcadh an-dearfach

Caithfidh an t-iarrthóir ionchasach a bheith in ann cur chuige gairmiúil a léiriú, a bheith féinspreagtha i gcomhlíonadh tascanna ainmnithe, agus a bheith sásta a dtacar scileanna a nuashonrú i réimsí lárnacha gnó na cuideachta de réir mar a bheidh ag teastáil.

Tuarastal: Ó €24,000.00 sa bhliain

Buntáistí:

- Rochtain éasca – 25 nóim ó Chnoc na Cathrach
- Páirceáil & Ceaintín ar an láthair
- Cuirfear éadaí oibre ar fáil
- Imeachtaí/tionscnaimh Folláine agus Foirne
- Oiliúint
- Árachas ‘bás le linn seirbhíse’/saoil.
- Asbhaintí Pinsin / PRSA.